Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2855

8.5.2024

P9_TA(2023)0393

# Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir AE agus Madagascar agus Prótacal Cur Chun Feidhme (2023-2027)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Samhain 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023-2027) (09525/2023 – C9-0223/2023 – 2023/0117(NLE))**

**(Toiliú)**

(C/2024/2855)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (09525/2023),

— ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar (09007/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0223/2023),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt agus ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0299/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Mhadagascar.